

CARRAIG A'MHÍLE SGOILTIGHE.

Bád a bhí ag teacht san oidhche ag déanamh ar an talamh ó thuaidh. An fear a bhí ag gabhail an bháid dubhairt sé go raibh sé i ndon an bád a chasadh go raibh sé ag tigheacht ar an gcarraig a bhfuide siar dtuaidh de na Sgeirdí.

Tá tú míle uaidh fos,adeir an dreatháir. Ní raibh ann ach go raibh an focal ar a bhéal nuair a chonnaic sé an charraig d'fhuagair sé ar Dhia agus ar an Maighdean mhuire go raibh sé báidhte. D'fhosgail an charraig agus ghabh an bád amach d'aon iarraidh amháin. Tugadh Carraig an mhíle Sgoltuighe annsin uirthi.

Maom(maidhim) an amadáin

Maom Phádraic Uí Caona - ní thriomuigheann maom agus ní bhriseann sí ach ar oibriú fairrge.

Na Ríseacha - Áit a bhfuil feamainn chaol ag fás, áit thanaidh i naice le Carraig a' Mhíle.